2024/3228

30.12.2024

**RIALACHÁN (AE) 2024/3228 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an 19 Nollaig 2024**

**lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 524/2013, agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2017/2394 agus (AE) 2018/1724 a mhéid a bhaineann le deireadh a chur leis an gClár Eorpach um Réiteach Díospóidí ar Líne**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 114 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), bunaíodh an Clár Eorpach um Réiteach Díospóidí ar Líne ('an Clár ODR'), agus tugadh sainordú don Choimisiún é a fhorbairt agus a choimeád ar bun, ar leibhéal an Aontais, lena gcuirtear aon phointe amháin iontrála ar fáil do thomhaltóirí agus do thrádálaithe atá ag iarraidh réiteach lasmuigh den chúirt ar dhíospóirí a eascraíonn as conarthaí díolacháin nó conarthaí seirbhíse ar líne.

(2) Is éard atá sa chlár ODR suíomh gréasáin idirghníomhach ar ar féidir le tomhaltóirí iarraidh ar thrádálaithe teacht ar chomhaontú maidir le heintiteas um réiteach malartach díospóidí (ADR) a úsáid, ar eintiteas é atá liostaithe ar an gClár ODR, agus lena gcomhlíontar Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]).

(3) Le Rialachán (AE) Uimh. 524/2013, ceanglaítear ar thrádálaithe ar líne agus ar ionaid mhargaidh ar líne nasc chuig an gclár ODR atá inrochtana go héasca a chur ar fáil ar a suíomh gréasáin. Thug an oibleagáid sin, mar aon le feachtais faisnéise ar eagraigh an Coimisiún agus páirtithe leasmhara náisiúnta, idir dhá mhilliún agus trí mhilliún cuairteoir chuig an gclár ODR gach bliain.

(4) Mar sin féin, ní úsáideann ach mionlach cuairteoirí an clár ODR chun gearán a chur isteach agus ní fhaigheann ach 2 % de na gearáin sin freagra dearfach ó thrádálaithe, rud a chiallaíonn gur féidir a n-iarratas a tharchur chuig eintiteas ADR atá liostaithe ar an gclár ODR. Ar an iomlán, is ionann sin agus thart ar 200 cás in aghaidh na bliana ar fud an Aontais.

(5) D'fhoilsigh an Coimisiún glao ar fhianaise maidir le réiteach díospóidí lasmuigh den chúirt a chur in oiriúint do mhargaí digiteacha, glao a bhí ar siúl ón 28 Meán Fómhair go dtí an 21 Nollaig 2022. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nár bhain ach 5 % de thomhaltóirí a d'fhreagair an glao ar fhianaise sin úsáid as an gclár ODR, agus mheas tromlach na bhfreagróirí gur cheart feabhas suntasach a chur ar an gclár ODR nó deireadh a chur leis toisc nach

([1]) IO C, C/2024/2482, 23.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2024/2482/oj.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Márta 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus seasamh ón gComhairle ar an gcéad léamh an 19 Samhain 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 17 Nollaig 2024 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).
([3]) Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach díospóidí ar líne le haghaidh díospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (Rialachán maidir le ODR le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 1).
([4]) Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí le haghaidh díospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (an Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63).

raibh sé costéifeachtach. Ós rud é nach n-aistrítear níos mó ná 200 cás in aghaidh na bliana chuig eintiteas ADR, tugtar le fios go láidir leis an bhfianaise nach gcomhfhreagraíonn coinneáil an Chláir ODR ar bun a thuilleadh do phrionsabail na héifeachtúlachta agus na héifeachtachta dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]).

(6) Ba cheart deireadh a chur leis an gclár ODR agus ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 a aisghairm. Ba cheart am iomchuí a chur ar fáil chun a áirithiú gur féidir cásanna atá ar siúl faoi láthair a chur i gcrích go leormhaith.

(7) De bhun Rialachán (AE) Uimh. 524/2013, coinnítear sonraí pearsanta a bhaineann le díospóid sa bhunachar sonraí arna bhunú de bhun an Rialacháin sin ar feadh na tréimhse ama is gá chun na cuspóirí dar tiomsaíodh na sonraí sin a ghnóthú agus chun a áirithiú gur féidir leis na hábhair sonraí rochtain a fháil ar a gcuid sonraí pearsanta d'fhonn a gcearta a fheidhmiú. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 524/2013, tá na sonraí sin le scriosadh go huathoibríoch 6 mhí ar a dhéanaí tar éis an dáta a dtabharfar chun críche an díospóid a cuireadh ar aghaidh chuig an gclár ODR. Ba cheart don Choimisiún úsáideoirí an chláir ODR ag a bhfuil cásanna leanúnacha a chur ar an eolas faoi dheireadh a bheith á chur leis an gclár ODR in am trátha, agus in aon chás ar a laghad 4 mhí sula gcuirfear deireadh leis an gclár sin. Ba cheart don Choimisiún cúnamh a thairiscint d'úsáideoirí an chláir ODR ar mian leo sonraí a bhaineann lena ndíospóidí a aisghabháil.

(8) Ós rud é go dtagraítear i ngníomhartha dlí eile de chuid an Aontais don chlár ODR mar chlár lena gcuirtear ar a gcumas do thomhaltóirí iarraidh ar thrádálaithe teacht ar chomhaontú maidir le réiteach díospóide lasmuigh den chúirt, ba cheart na gníomhartha sin a leasú chun tagairtí don chlár ODR a bhaint. Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin (AE) 2017/2394 ([6]) agus (AE) 2018/1724 ([7]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a leasú dá réir sin. Tá tagairtí do Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 i dTreoracha (AE) 2015/2302 ([8]), (AE) 2019/2161 ([9]) agus (AE) 2020/1828 ([10]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle freisin.. Tá sé beartaithe na Treoracha sin a leasú le gníomh dlí ar leith,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 524/2013 le héifeacht ón 20 Iúil 2025.

*Airteagal 2*

1. Cuirfear deireadh leis an gClár Eorpach um Réiteach Díospóide ar Líne ('an clár ODR').

2. Cuirfear deireadh le gearáin a chur faoi bhráid an chláir ODR ar an 20 Márta 2025.

3. Cuirfidh an Coimisiún úsáideoirí an chláir ODR ag a bhfuil cásanna leanúnacha ar an eolas faoi dheireadh a bheith á chur leis an gclár ODR faoin 20 Márta 2025 agus tairgfidh sé cúnamh d'úsáideoirí den sórt sin chun sonraí a bhaineann lena gcásanna, ar sonraí iad a bhfuil rochtain acu orthu, a aisghabháil i gcásanna inar mian leo sin a dhéanamh.

4. Ón 20 Iúil 2025 ar a dhéanaí, scriosfar an fhaisnéis go léir, lena n-áirítear sonraí pearsanta, a bhaineann le cásanna sa chlár ODR.

*Airteagal 3*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2017/2394**

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) 2017/2394, scriostar pointe 22.

([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

([6]) Rialachán (AE) 2017/2394 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le comhar idir na húdaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 (IO L 345, 27.12.2017, lch. 1).

([7]) Rialachán (AE) 2018/1724 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Deireadh Fómhair 2018 maidir le tairseach aonair dhigiteach a bhunú chun rochtain ar fhaisnéis, nósanna imeachta agus seirbhísí cúnaimh agus réitigh fadhbanna a sholáthar agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1024/2012 (IO L 295, 21.11.2018, lch. 1).

([8]) Treoir (AE) 2015/2302 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le taisteal láneagraithe agus socruithe taistil gaolmhara, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 90/314/CEE ón gComhairle (IO L, 326, 11.12.2015, lch. 1).

([9]) Treoir (AE) 2019/2161 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 lena leasaítear Treoir 93/13/CEE ón gComhairle agus Treoracha 98/6/CE, 2005/29/CE agus 2011/83/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle i ndáil le forfheidhmiú níos fearr agus nuachóiriú rialacha an Aontais maidir le cosaint tomhaltóirí (IO L 328, 18.12.2019, lch. 7).

([10]) Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2020 maidir le caingne ionadaíocha chun comhleasanna tomhaltóirí a chosaint agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/22/CE (IO L 409, 4.12.2020, lch. 1).

*Airteagal 4*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2018/1724**

In Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/1724, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 7:

‘(7) Liosta na n-eintiteas um réiteach malartach díospóide tomhaltais arna bhunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 20(4) de Threoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*).

(*) Treoir 2013/11/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Bealtaine 2013 maidir le réiteach malartach díospóidí le haghaidh díospóidí tomhaltóirí agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 agus Treoir 2009/22/CE (an Treoir maidir le RMD le haghaidh tomhaltóirí) (IO L 165, 18.6.2013, lch. 63).’.

*Airteagal 5*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Nollaig 2024.

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*

*An tUachtarán*

R. METSOLA

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

BÓKA J.